RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1808 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Deireadh Fómhair 2021

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1135 a mhéid a bhaineann leis na huasteorainneacha buiséid le haghaidh 2021 is infheidhme maidir le scéimeanna áirithe tacaíochta dírí sa Laitvia

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 637/2008 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagail 22(1), 36(4), 42(2), 47(3), 49(2), 51(4) agus 53(7) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1135 ón gCoimisiún ([2]), bunaíodh na huasteorainneacha buiséid bliantúla le haghaidh 2021 i gcomhair scéimeanna áirithe tacaíochta dírí.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1135, socraítear uasteorainn leis an tacaíocht chúpláilte dheonach sa Laitvia i gcomhréir leis an bhfógra ón Laitvia de bhun Airteagal 54(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013. Ina dhiaidh sin, rinne an Laitvia athbhreithniú ar an uasteorainn leis an tacaíocht chúpláilte dheonach. Tar éis an fógra sin a fháil, ba cheart an uasteorainn leis an tacaíocht chúpláilte dheonach sa Laitvia le haghaidh 2021 a laghdú.

(3) Mar iarmhairt air sin, i gcomhréir le hAirteagal 36 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, ba cheart an uasteorainn leis an scéim íocaíochta aonair limistéir sa Laitvia in 2021 a mhéadú dá réir.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1135 a leasú dá réir.

(5) Ós rud é go ndéanann na leasuithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo difear do chur i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1135, a bhfuil feidhm aige ón 1 Eanáir 2021, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón dáta céanna.

(6) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, tá siad i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Íocaíochtaí Díreacha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1135 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 608.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1135 ón gCoimisiún an 9 Iúil 2021 lena mbunaítear uasteorainneacha buiséid le haghaidh 2021 is infheidhme maidir le scéimeanna tacaíochta dírí áirithe dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 245, 12.7.2021, lch. 1).

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13 Deireadh Fómhair 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1135 mar a leanas:

(1) i bpointe II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Laitvia:

"an Laitvia	170 814";

(2) i bpointe VIII, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Laitvia:

"an Laitvia	45 193".